AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002**

# EALAÍN –

# STAIR AGUS LÉIRTHUISCINT NA hEALAÍNE

## GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ LUAIN, 17 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 pm go dtí 4.30 pm

---

Tá 150 marc ag dul don pháipéar seo.

**TREORACHA**

(a) Scríobh an oiread agus is féidir leat ar **thrí cheist**. Ba chóir **ceist amháin** a roghnú as Roinn 1, **ceist amháin** as Roinn 11, agus **ceist amháin** as Roinn 111.

(b) Is ionann na marcanna do gach ceist. (50)

(c) Is gá **sceitsí agus léaráidí** a úsáid cibé áit ar féidir chun do chuid pointí a léiriú.

(d) **Déan tagairt do na léaráidí atá ar an mbileog faoi iamh de réir mar is gá.**

---

# ROINN I – AN EALAÍN IN ÉIRINN

**1.** Déan cur síos agus plé ar na nithe óir, **a léirítear ar an mbileog faoi iamh**, faoi na ceannteidil seo a leanas:

- foirm
- feidhm
- maisiúchán
- teicnící miotalóireachta a úsáideadh agus na nithe á ndéanamh
- cúlra stairiúil

*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Déan cur síos agus plé ar Chloch Turoe agus na ceannteidil seo a leanas á n-úsáid agat:

- foirm
- maisiúchán
- teicníc shnoíodóireacht chloiche
- cúlra stairiúil
- feidhm a d'fhéadfadh a bheith léi

*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Déan cur síos agus plé ar Leabhar Cheanannais faoi na ceannteidil seo a leanas:

- feidhm
- dearadh
- peannaireacht
- siombailí
- maisiúchán
- dath

*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Déan cur síos agus plé ar chros chloiche ar bith ón Luath-Ré Chríostaí in Éirinn, agus na ceannteidil seo a leanas á n-úsáid agat:

- foirm
- maisiúchán
- teicníc shnoíodóireacht chloiche
- scéalaíocht

Ainmnigh cros ar bith eile de chuid na ré seo.

*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Déan cur síos agus plé ar Shéipéal Chormaic, agus na ceannteidil seo a leanas á n-úsáid agat:

- eolas ginearálta
- stíl
- struchtúr
- maisiúchán
- teicnící snoíodóireachta

*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Déan cur síos agus plé ar an dá fhoirgneamh Sheoirseacha, **a léirítear ar an mbileog faoi iamh**, agus na ceannteidil seo a leanas á n-úsáid agat:

- dearadh
- maisiúchán
- gnéithe físiúla
- ailtire

Cén foirgneamh is mó a thaitníonn leat? Luaigh cúiseanna le do rogha.
*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Déan cur síos agus plé ar shaothar ealaíontóra AMHÁIN Éireannach díobh seo a leanas: Jack B. Yeats, Harry Clarke, Evie Hone, Paul Henry, Norah McGuinness, Gerard Dillon, Louis le Brocquy, Brian Bourke, Robert Ballagh, Rowan Gillespie, Kathy Prendergast, agus na ceannteidil seo a leanas á n-úsáid agat:

- bunábhar téamúil
- obair scuaibe, i gcás péinteára
- foirm, i gcás dealbhóra
- ceapadóireacht
- ábhair agus teicníc
- dath agus/nó uigeacht

*Léirigh do fhreagra.*

## ROINN II – AN EALAÍN EORPACH (1000 AD go dtí Inniu)

**8.** Déan cur síos agus plé ar dhealbhóireacht Gislebertus ar an tiompán os cionn an dorais in ardeaglais Autun, agus na ceannteidil seo a leanas á n-úsáid agat:

- scéalaíocht
- an fhíor dhaonna
- stíl
- aghaidheanna
- gaol leis an ailtireacht

*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Ainmnigh péintéir **agus** dealbhóir de chuid na hAthbheochana san Iodáil agus ainmnigh agus déan cur síos ar shaothar tábhachtach amháin a rinne siad faoi seach, agus bíodh na ceannteidil seo a leanas mar chúnamh agat:

- maidir leis an bpéintéireacht: bunábhar téamúil, dath, ceapadóireacht, an fhíor dhaonna.
- maidir leis an dealbhóireacht: bunábhar téamúil, meán, teicníc, foirm, uigeacht, an fhíor dhaonna.

*Léirigh do fhreagra.*

**10.** Déan cur síos agus plé ar Bhainis Arnolfini, **a léirítear ar an mbileog faoi iamh**, a rinne Jan van Eyck, agus úsáid á baint agat as na ceannteidil seo a leanas:

- ceapadóireacht
- dath agus solas
- mionsonraí
- meán
- stíl
- siombailí

*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Déan cur síos agus plé ar "**Na hAmbasadóirí**" le Hans Holbein, **a léirítear ar an mbileog faoi iamh**. Bíodh na ceannteidil seo a leanas mar chúnamh agat:

- bunábhar téamúil
- ceapadóireacht
- stíl phéintéireachta
- éadaí
- nithe
- mionsonraí
- cén teachtaireacht atá sa phéintéireacht seo, dar leat?

*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Scríobh oiread agus is féidir leat ar DHÁ cheann de na péintéireachtaí seo a leanas:

(a) Bainis Tuaithe le Pieter Breugel Sinsear
(b) Scoil an tSráidbhaile le Jan Steen
(c) Móid na Horatii le Jacques-Louis David
(d) An Folcadán Turcach le hIngres
(e) Le Déjeuner sur l'Herbe le hEdouard Manet
(f) Tráthnóna Dé Domhnaigh ar Oileán La Grande Jatte le Georges Seurat
(g) La Danse le Henri Matisse

Bíodh na ceannteidil seo a leanas mar chúnamh agat:

- bunábhar téamúil
- láimhseáil na fíorach daonna
- dath
- ceapadóireacht
- do thuairimí féin i dtaobh na péintéireachta

*Léirigh do fhreagra.*

**13.** Déan cur síos agus plé ar DHÁ phéintéireacht Impriseanacha, agus na ceannteidil seo a leanas agat mar chúnamh:

- bunábhar téamúil
- solas agus dath
- uigeacht
- ceapadóireacht
- eolas i dtaobh an phéintéara/na bpéintéirí
- do thuairim féin i dtaobh an Impriseanachais

*Léirigh do fhreagra.*

**14.** Déan cur síos agus plé ar an saothar le Vincent van Gogh, **a léirítear ar an mbileog faoi iamh**, agus na ceannteidil seo a leanas á n-úsáid agat:

- bunábhar téamúil
- ceapadóireacht
- dath
- uigeacht
- léiriú na mothúchán

Déan tagairt do shaothair eile an ealaíontóra agus/nó do scéal a bheatha.

*Léirigh do fhreagra.*

# ROINN III – LÉIRTHUISCINT

**15.** Déan cur síos ar aon bheoscannán gníomhaíochta atá feicthe agat. Bídís seo a leanas agat mar threoir i do fhreagra:
- obair cheamara
- éifeachtaí speisialta
- dath
- scéalaíocht

Luaigh do chuid tuairimí féin maidir leis an scannán a bheith spéisiúil nó gan a bheith ón taobh FÍSIÚIL de.
*Léirigh do fhreagra.*

**16.** Déan cur síos ar thaispeántas ealaíne, ceardaíochta nó deartha ar thug tú cuairt air. Bíodh na ceannteidil seo a leanas mar threoir agat i do fhreagra:
- crochadh na bpictiúr agus/nó lonnú na nithe
- soilsiú
- leagan amach an tseomra/na spásanna
- lipéadú agus/nó catalóg

Ansin, déan cur síos chomh mionsonraithe agus is féidir ar DHÁ cheann de na péinteireachtaí/nithe is mó a thaitin leat nó a bhí spéisiúil, dar leat, agus luaigh cúiseanna le do roghanna.
*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Dear dealbhóireacht nó scardán uisce a bheadh oiriúnach le lonnú áit ar bith os comhair an tseantí, **a léirítear ar an mbileog faoi iamh.**
- Luaigh cúiseanna le dealramh, ábhair agus suíomh na dealbhóireachta nó an scardáin agat.
- Cad iad na gnéithe a chaitheann dearthóir a chur san áireamh agus struchtúr nua á phleanáil cóngarach do sheancheann?

*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Cad iad na saintréithe físiúla ar leith a bhaineann le dearadh maith póstaer? Liostaigh iad agus tabhair míniú orthu seo chomh mionsonraithe agus is féidir. Ansin, dear póstaer do cheolchoirm ag an ngrúpa réaltaí popcheoil "Seisear" **nó** d'imeacht ceoil ar bith eile.
*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Déan cur síos ar an bpróiseas a bhaineann le patrún a dhearadh a bheidh á athchóipeáil, ar nós an phatrúin ar an éadach priontáilte atá á úsáid chun an chathaoir uilleach a chlúdach, **a léirítear ar an mbileog faoi iamh.**
- Liostaigh agus déan cur síos ar na sainghnéithe a bhaineann le patrún maith físiúil.
- An patrún maith físiúil é an patrún a léirítear? Luaigh cúiseanna le do thuairim.
- Ainmnigh dhá mhodh chun patrúin a phriondáil ar éadach.

*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Dá bhféadfá pictiúr Impriseanach, nó pictiúr mór daite teibí, a bheith agat i do sheomra, cén ceann a roghnófá, agus cén fáth? Mínigh do rogha chomh beacht agus is féidir.
*Léirigh do fhreagra.*

**21.** Déan cur síos ar mhaisiúchán an tseomra suí, **a léirítear ar an mbileog faoi iamh.** Bíodh na ceannteidil seo a leanas mar chúnamh agat:
- stíl an troscáin
- an scéim dathanna
- na pictiúir agus na hornáidí
- soilsiú

Cad iad na hathruithe a dhéanfá ar an seomra chun feabhas a chur ar a mhealltacht fhísiúil? Luaigh cúiseanna leis na hathruithe a dhéanfá.
*Léirigh do fhreagra.*